## Rialacha do Léitheoirí

Tá na rialacha seo i bhfeidhm lena chinntiú go gcoinneofar slán na bailiúcháin atá faoinár gcúram agus go ndéanfar iad a chaomhnú, agus chun féachaint chuige go mbeidh ár léitheoirí agus ár mbaill foirne slán sábháilte.

### Cead isteach chuig na seomraí léitheoireachta

- Beidh ticéad léitheora bailí ag teastáil uait más mian leat staidéar nó taighde a dhéanamh sna seomraí léitheoireachta.
- Is féidir ticéad léitheora a eisiúint d'aon duine atá 16 bliana d'aois nó os a chionn.
- Ní mór duit do thicéad léitheora a thaispeáint ar dul isteach i seomra léitheoireachta duit agus sula n-eiseófar earraí duit.
- Ní ghlacfar le híomhá dhigiteach de do thicéad léitheora ar fhón ná ar ghléas eile.
- Ní cheadaítear cótaí don taobh amuigh, seaicéid ná málaí (cásanna ríomhairí glúine agus cásanna peann luaidhe san áireamh) a thabhairt isteach agus ní mór iad a fhágáil sna taisceadáin atá ar fáil dóibh.
- Ní cheadaítear ach pinn luaidhe sna seomraí léitheoireachta fiú mura bhfuil sé i gceist agat na bailiúcháin féin a úsáid.
- Ní cheadaítear pinn, marcóirí, aibhsitheoirí ná aon uirlisí géara a úsáid mar go bhféadfaidís dochar a dhéanamh do na bailiúcháin.
- Ní cheadaítear bia ná deoch (buidéil uisce san áireamh) sna seomraí léitheoireachta.

### Meas ar dhaoine eile

- Ná glac féiníní, físeáin ná grianghraif sna seomraí léitheoireachta óir go bhféadfadh sé cur isteach ar léitheoirí eile agus ar bhaill foirne, agus a gceart chun príobháide a shárú.
- Bheimis buíoch díot ach caitheamh lenár mbaill foirne agus le léitheoirí eile le cúirtéis agus le meas.
- Caithfidh ríomhairí glúine, táibléid, fóin agus gléasanna eile a bheith balbhaithe, agus níor cheart go gcuirfidís isteach ar léitheoirí eile.

### Conas na bailiúcháin a úsáid

- Leabharlann tagartha amháin is ea Leabharlann Náisiúnta na hÉireann. Ní féidir earraí a thabhairt leat as na seomraí léitheoireachta.
- Ní mór na hearraí sna bailiúcháin a láimhseáil go breá cúramach i gcónaí. Lean na treoracha ónár mbaill foirne, ós rud é gur saineolaithe iad i dtaobh aire a thabhairt do na bailiúcháin.
- Nuair a eisítear earraí ónár mbailiúcháin duit, is tusa atá freagrach astu i gcónaí. Iarrtar ort iad a thabhairt ar ais do bhaill foirne an tseomra léitheoireachta agus tú ag imeacht, fiú má tá sé i gceist agat teacht ar ais go luath.
- Más mian leat cóip a dhéanamh d'ábhar ónár mbailiúcháin, iarr cead ar bhall foirne roimh ré.

- Ceadaítear gléasanna digiteacha (fón, ceamara beag nó táibléad) a úsáid le híomhánna a ghlacadh i gcásanna áirithe. Ní cheadaítear splanc-ghrianghrafadóireacht.
- Ní cheadaítear scanóirí ná tríchosaigh a úsáid.
- Má tá cóip ionaid d'earra ar fáil ar mhicreascannán nó i bhfoirm íomhá dhigiteach sa chatalóg ar líne atá againn, ní eiseofar an t-earra bunaidh.
- I Seomra Léitheoireachta na Lámhscríbhinní, ní féidir le léitheoirí ach breathnú ar fhillteán amháin d'ábhar scaoilte ag an am céanna. Ní mór an t-ábhar san fhillteán a choinneáil san ord ina bhfuil sé.

**Freagrachtaí léitheoirí/taighdeoirí i ndáil le cosaint sonraí**

- Uaireanta, bíonn sonraí pearsanta le fáil in ábhar cartlainne nua-aimseartha. Tagann a leithéid d'ábhar faoi réir an Rialacháin Ghinearálta maidir le Cosaint Sonraí, 2016 ('RGCS') agus na nAchtanna um Chosaint Sonraí, 2018.
- Agus sonraí pearsanta á n-úsáid le haghaidh taighde, ní mór do léitheoirí/taighdeoirí a bheith ar an eolas faoi dhlí an AE agus dlí na hÉireann maidir le cosaint sonraí, agus caithfear cloí leis na dlíthe sin.
- Tá léitheoirí/taighdeoirí freagrach as sonraí pearsanta ar bith a bhaineann le daoine beo a bhaintear as na bailiúcháin (lena n-áirítear nótaí, íomhánna digiteacha agus/nó fótachóipeanna ar bith). Bíonn an léitheoir/taighdeoir ina 'rialaitheoir sonraí' ar shonraí pearsanta ar bith a choinnítear faoi dhuine/faoi dhaoine ar leith ('an duine/na daoine is ábhar do na sonraí'). Ní bhaineann an RGCS ná an tAcht um Chosaint Sonraí, 2018 le sonraí pearsanta daoine atá marbh.
- Caithfidh léitheoirí/taighdeoirí measúnú agus bainistiú a dhéanamh ar na rioscaí cosanta sonraí a bhaineann lena gcuid taighde. Féadfaidh rioscaí den sórt sin a bheith níos airde má dhéantar próiseáil ar fhaisnéis íogair, lena n-áirítear sonraí a bhaineann le catagóirí speisialta, mar a shainmhínítear in Airteagal 9 den RGCS. Áirítear leis seo sonraí pearsanta a bhaineann le tuairimí polaitiúla nó reiligiúnacha, cúrsaí meabhairshláinte nó folláine coirp, cúrsaí cine nó eitneachta, gnéaschlaonadh, etc.
- Ní mór a chinntiú go bhfuil bailiú na faisnéise pearsanta teoranta don mhéid faisnéise a bhaineann go sonrach agus atá riachtanach chun an cuspóir próiseála a bhaint amach, i gcomhréir le prionsabal an RGCS maidir le 'íoslaghdú sonraí'. Nuair is cuí, ba cheart leas a bhaint as bearta teicniúla agus eagrúcháin, amhail bréagainmiú, chun prionsabal an íoslaghdaithe sonraí a bhaint amach.
- I gcás inar féidir cuspóir na próiseála a bhaint amach ar bhealach nach féidir an duine is ábhar do na sonraí a shainaithint, ba cheart é a dhéanamh ar an mbealach seo.
- Ba cheart do gach taighdeoir eolas a chur ar Ráiteas Príobháideachta Sonraí Leabharlann Náisiúnta na hÉireann anseo.
- Is féidir leat tuilleadh eolais a fháil faoin RGCS agus faoin Acht um Chosaint Sonraí, 2018 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin um Chosaint Sonraí.

**Le tuilleadh eolais a fháil faoi na treoirlínte maidir le láimhseáil shábháilte, féach anseo**

Márta 2024